

# Fuil na hÉireann a Ghlasú:

## Straitéis Inbhuanaitheachta do SFAÉ 2025 - 2030

Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann



# Brollach

Agus í an t-aon eagraíocht amháin atá freagrach as soláthar fola agus táirgí fola in Éirinn a chaomhnú, déanann Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFAÉ) a dícheall a bheith ina ceannaire agus ar thús cadhnaíochta i dtáirgeadh éifeachtach ár soláthair.

Tá fonn ar SFAÉ chomh maith a bheith ina ceannaire ó thaobh athruithe reachtaíochta a théann i bhfeidhm ar ár n-eagraíocht. Nuair a shínigh an Rialtas an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2019, cuireadh de chúram orainn oibriú ar bhealach níos éifeachtaí chun ár n-úsáid fuinnimh agus ár n-astaíochtaí carbóin a bhainistiú.

Tá sé mar uaillmhian againn Treochlár fadtéarmach láidir agus Straitéis Inbhuanaitheachta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar thionchar Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar an gcomhshaol agus ag an am céanna, soláthar fola agus táirgí fola na hÉireann a choinneáil ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir.

Cuireann an Straitéis seo ár spriocanna fuinnimh agus carbóin i gcomhréir le cuspóirí eile a leagtar amach chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach i leith na hinbhuanaitheachta.

Ó thaobh bainistíocht fuinnimh de, tá dul chun cinn suntasach déanta againn cheana féin maidir lenár n-úsáid gáis nádúrtha agus leictreachais a laghdú. Tá meastóireacht iomlán déanta againn ar riachtanais fhadtéarmacha ár bhfeithiclí flít, agus tá straitéis i bhfeidhm chun a n-úsáid fuinnimh a bhainistiú. Tá conair shoiléir tionscadail leagtha amach againn chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach agus cuirimid dearcadh dearfach chun cinn maidir lenár spriocanna Neodrachta 2050 a bhaint amach.

Tugadh faoi thionscnaimh eile chomh maith, e.g. oiliúint inmheánach um fhuinneamh agus comhshaol a fhorbairt, dul chun cinn ó thaobh comaitéireacht foirne agus deontóirí a fheabhsú, agus ár n-acmhainní a bhainistiú.

Mar thoradh ar an Straitéis seo, forbraíodh 3 Chuspóir Straitéiseacha Inbhuanaitheachta chun aghaidh a thabhairt ar ár gcur chuige ilghnéitheach i leith na hInbhuanaitheachta. I measc na réimsí fócais, tá gnéithe rialachais agus sóisialta, chomh maith leis an tionchar ar fhuinneamh agus aeráid a leagadh amach roimhe seo.

Baineadh amach an dul chun cinn atá déanta go dtí seo gan tionchar diúltach a imirt ar an gcuid is bunriachtanaí dár n-eagraíocht, is é sin táirgeadh agus soláthar fola agus táirgí fola.

Táimid tiomanta aghaidh a thabhairt ar gach réimse imní agus oibriú lenár gcontrapháirtithe san earnáil phoiblí agus níos leithne chun ár n-úsáid fuinnimh agus ár n-astaíochtaí a laghdú.

Fanfaidh SFAÉ ar an eolas faoi athrú reachtaíochta atá le teacht agus tá sé tiomanta aghaidh a thabhairt ar gach a dteastaíonn uainn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht.

**Deirdre-Ann Barr**
Cathaoirleach Bhord SFAÉ

# Réamhrá

Tuigeann Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann an riachtanas agus an fonn atá ar mhuintir na hÉireann tabhairt faoi na dúshláin a bhaineann le forbairt inbhuanaithe.

Cé gur breathnaíodh go minic ar an inbhuanaitheacht roimhe seo mar rud seachtrach in go leor eagraíochtaí, ní féidir breathnú uirthi a thuilleadh mar rud atá le baint amach agus an gníomh déanta. Ní mór díriú uirthi go láidir anois mar cholún forbartha ar leith.




Fíor 1 - Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

Le daingniú 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe in 2015, díríodh aird an domhain go soiléir orthu mar phríomhbhealaí straitéiseacha chun cinn maidir le Forbairt Inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030 (Tá na Spriocanna le feiceáil i bhFíor 1). Cuimsítear iad laistigh de dhearcadh iomlánaíoch ar an Inbhuanaitheacht mar scáth-théarma d'Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, Shóisialta agus Eacnamaíoch.

Rinne SFAÉ ár *dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide* a shainmhíniú chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí móra agus ar thionscadail mhóra a leagtar amach chun ceanglais spriocanna 2030 de chuid Rialtas na hÉireann a chomhlíonadh ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú.

Trí na ceanglas rialála sainordaithe atá leagtha amach sa *Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide* agus an creat a chuirtear ar fáil leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i gcomhréir, ligfear dúinn Straitéis Inbhuanaitheachta ionchuimsitheach agus eolasach a fhorbairt. Cabhróidh sé seo le SFAÉ bogadh ar aghaidh agus gníomhú mar cheannaire sa Tionscal Sláinte.

Díreoimid ar aghaidh a thabhairt ar 3 Chuspóir Straitéiseacha Inbhuanaitheachta. Leagfar amach spriocanna faoi na cuspóirí sin agus déanfar cur síos orthu níos faide ar aghaidh: Ár gCarbón a Rialú, Ár dTáirgeadh & Ár dTithe a Ghlasú, agus SFAÉ agus Sláinte an Phláinéid a Fheabhsú.

Mar is amhlaidh le gach coincheap laistigh de raon feidhme na Forbartha Inbhuanaithe, tá pointí suntasacha forluí laistigh de na hábhair seo, agus iad ag obair le chéile chun torthaí deiridh comhchosúla a bhaint amach, ag soláthar creata do SFAÉ chun bogadh ar aghaidh sa tréimhse seo idir 2025-2030.

# Cuid 1: Ár Straitéis

Forbraíodh an straitéis seo trí phlé fairsing le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear ár nGrúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta, foirne iniúchta fuinnimh seachtracha, comhairleoirí seachtracha bainistíochta dramhaíola, agus trí mholtaí agus treoir ó fhoireann SFAÉ arna n-iarraidh ag an bhfoireann forbartha.


Tá SFAÉ ar an bhfód ó 1965 agus tá forbairt déanta uirthi le 60 bliain anuas agus í ag coinneáil suas leis an saol. Is aistriú mór fócais é seo don eagraíocht agus athróidh sé an bealach ina bhfeidhmíonn gach gné di, ag oiriúnú do chás na Géarchéime Aeráide mar atá sí anois.

Caithfimid leanúint ar aghaidh ag feabhsú ár n-oibríochtaí iontacha atá tar éis líon mór beatha a shábháil in Éirinn, agus an tionchar atá againn ar an gcomhshaol á mhaolú ag an am céanna agus sinn neamhspleách i gcónaí ó thaobh an gheilleagair de.

Beidh an straitéis seo ina creat treorach dúinn agus sinn ag dul ar aghaidh sa tréimhse 5 bliana seo d'athrú mór agus ligfidh sé dúinn Inbhuanaitheacht a thabhairt isteach sa struchtúr cinnteoireachta do SFAÉ. Is iomaí éacht a baineadh amach ó thaobh na hInbhuanaitheachta de laistigh de SFAÉ agus oibreoimid chun aitheantas a thabhairt ar na héachtaí a baineadh amach.

Táimid tiomanta do na spriocanna sainordaithe atá leagtha síos laistigh de *Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide*, agus atá comhtháite lenár *dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide*. Cuimseofar sa Straitéis seo na Spriocanna sin agus leathnófar inti réimsí eile laistigh den dearcadh iomlánaíoch ar an inbhuanaitheacht.

Tá ár bhfoireann agus ár ndeontóirí, atá i gcroílár ár n-eagraíochta i gcónaí, ríthábhachtach san aistriú cultúir seo agus gabhaimid buíochas ó chroí leo as a bhfuil déanta acu, agus mar a chuideoidh siad linn dul chun cinn a dhéanamh amach anseo.





Figiúr 2 - Oiriúnú a dhéanamh ar an gcroístruchtúr den bhealach a fheidhmíonn eagraíocht, le fócas sonrach ar CSR laistigh de SFAÉ. Arna oiriúnú as Moltaí an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann leis an Aeráid a Chur i bhFeidhm (2021).

# Cuid 2: Na SFInna agus SFAÉ

Sa dara leath de 2024, ag baint leas as an Uirlis Measúnaithe Gnó Compás SFI, rinne an Ceannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta measúnú ar ábharthacht gach ceann de na fospriocanna SFI trí bhíthin innéacs scórála ábharthachta do Straitéis Inbhuanaitheachta SFAÉ. Glactar leis sa mheasúnú go bhféadfadh tionchar a bheith ag SFAÉ ar rathúlacht na SFInna fiú ag leibhéal an-laghdaithe, agus thug an measúnú scór maidir leis an tionchar féideartha ar gach fosprioc (ó 1-5).

Thug sé seo deis dúinn a dhearbhú go bhfuilimid ag díriú ar ábhair atá ag teacht le fócas ár n-eagraíochta. Ceadóidh sé seo níos mó rannpháirtíochta ón taobh inmheánach toisc go bhfeicfidh an fhoireann go bhfuil tionchar díreach acu ar na gnéithe seo den inbhuanaitheacht. Ón taobh seachtrach de, táimid ag tabhairt aghaidh ar réimsí laistigh de SFAÉ a bhfuil mórthionchar Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) acu, agus mar sin táimid ag dul i ngleic ní hamháin leis na deiseanna is éasca ach táimid ag athrú cleachtais chomh maith nuair is féidir chun tionchar dearfach a chothú.

I bhFíor 3, is féidir an meántionchar ábhartha ar fud fhospriocanna SFInna a fheiceáil ón Uirlis Measúnaithe Gnó Compás SFI. Tugtar faoi deara gurb iad na príomhréimsí tionchair do SFAÉ ná SFI 3, 5, 7, 9, 12, 13, agus 15 (Tábla 1).




Figiúr 3 - Graf Radair de Innéacs Meánscórála Ábhartheachta ag baint úsáide as an Uirlis Measúnaithe Gnó Compás SFI. Leagtar béim i dTábla 1 ar na SFInna a bhféadfadh tionchar a bheith ag Straitéis Inbhuanaitheachta SFAÉ orthu.

| Uimhir an SFI | Ainm | Innéacs Scórála Ábharthachta (Uaslíon 5) |
|---|---|---|
| SFI 3 | Dea-shláinte agus folláine | 2.92 |
| SFI 5 | Comhionannas Inscne | 2.78 |
| SFI 7 | Fuinneamh Glan agus Inacmhainne | 2.60 |
| SFI 9 | Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar | 2.86 |
| SFI 12 | Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach | 3.58 |
| SFI 13 | Gníomhú ar son na hAeráide | 3.40 |
| SFI 15 | Beathra ar Talamh | 2.58 |

Tábla 1 - Ón Uirlis Measúnaithe Gnó Compás SFI, tugadh faoi deara go raibh 7 gcinn de na SFInna i gcomhréir le Straitéis Inbhuanaitheachta SFAÉ mar gheall ar a nInnéacs Scórála Ábharthachta ab airde.

# Cuid 3: Cuspóirí Straitéiseacha Inbhuanaitheachta SFAÉ

Mar atá leagtha amach againn roimhe seo, mar chuid de Straitéis Inbhuanaitheachta SFAÉ, bainfimid amach 3 Chuspóir Straitéiseach Inbhuanaitheachta (CSI). Cuirfidh na cuspóirí ar chumas SFAÉ creat struchtúrtha agus fócas uileghabhálach a chruthú ar an Inbhuanaitheacht le linn na tréimhse ionchuimsithe tosaigh seo ó 2025-2030.

Tabharfaidh siad seo aghaidh ar inbhuanaitheacht trí chur chuige iomlánaíoch agus áireofar iontu gnéithe de na SFInna laistigh de na bunspriocanna.

## CSI 1 - Ár gCarbón a Rialú

- **Spriocanna Fuinnimh agus Carbóin 2030**

  Tá SFAÉ, mar Eagraíocht Seirbhíse Poiblí, tiomanta do spriocanna 2030 atá leagtha amach i *bPlean an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide* maidir le breosla iontaise agus astaíochtaí iomlána a laghdú 51% ón mbunlíne (2016-2018) go 2030, agus chun éifeachtúlacht úsáide fuinnimh a mhéadú 50% chomh maith le linn na tréimhse céanna.

- **Conair chun na Neodrachta faoi 2050**

  Ní bhreathnaítear ar na spriocanna seo mar phlean gearrthéarmach atá le baint amach faoi 2030 ach ina ionad sin, is céimeanna aistir iad do SFAÉ. Táimid tiomanta do na spriocanna breise a bhaint amach maidir le bheith Neodrach ó thaobh Carbóin de inár n-oibríochtaí faoi 2050. Baineann na tionscadail laistigh de *Threochlár SFAÉ don Ghníomhú ar son na hAeráide* leis an dearcadh fadtéarmach a bheith Neodrach ó thaobh Carbóin de faoi 2050.

- **Córais Bainistíochta Fuinnimh**

  Chun cabhrú le SFAÉ dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna seo, tá SFAÉ tiomanta do Chóras Bainistíochta Fuinnimh láidir a fhorbairt a bheidh oiriúnach do riachtanais agus do mhéid ár n-eagraíochta agus oibreoimid le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha lena chinntiú go mbainfear é seo amach go dtí an leibhéal riachtanach faoi 2030.

- **Cúrsaí Taistil a Bhainistiú**

  Tá spriocanna ag Rialtas na hÉireann maidir le comaitéireacht i bhfeithiclí príobháideacha a laghdú faoi 2030. Tá SFAÉ tiomanta do thacú leis an aistriú seo i measc ár bhfoirne. Tá an Deimhniú Cré-umha faoin Marc Taistil Níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair bainte amach againn. Táimid tiomanta dár bhfeidhmíocht a fheabhsú agus an clár a leathnú ar fud na heagraíochta.

  Oibreoimid chun tacú lenár bhfoireann trí threoir agus tacaíocht um thaisteal poiblí agus um thaisteal gníomhach a mhéadú.

  Tabharfar tacaíocht bhreise dó seo trí bheartas páirceála gluaisteán a thabhairt isteach san Ionad Náisiúnta Fola. Cuirfidh sé seo maoiniú ar fáil do thionscnaimh inbhuanaitheachta ó 2026 ar aghaidh.

## CSI 2 - Ár dTáirgeadh & Ár dTomhaltas a Ghlasú

- **Ár mBainistiú Dramhaíola a Fheabhsú**

  Tá spriocanna athchúrsála dramhaíola de 55% den mheáchan iomlán ag Rialtas na hÉireann faoi dheireadh 2025, agus 60% faoi dheireadh 2030. Toisc go ngineann SFAÉ méid suntasach dramhaíola trínár gcuid gníomhaíochtaí, mothaímid go bhfuil sé tábhachtach go mbeimid i gcomhréir leis na spriocanna seo. Forbróimid Beartas Dramhaíola nua do SFAÉ sa chéad leath de 2025 chun tacú leis seo.

  Déanfaimid measúnú breise ar na deiseanna atá againn ár mbainistíocht ar dhramhaíl ghuaiseach laistigh dár n-eagraíocht a laghdú agus a fheabhsú go ginearálta, nuair is féidir, chun laghdú breise a dhéanamh ar an méid dramhaíola a bhfuil gá lena haisghabháil mar mhodh diúscartha.

- **Éifeachtúlacht Ár dTáirgiúlachta a Mhéadú**

  Tá SFAÉ tiomanta do leanúint ar aghaidh ag soláthar an tsoláthair fola náisiúnta atá mar chroífhócas na heagraíochta le 60 bliain anuas, ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir.

  Leanfaimid de bheith nuálaíoch inár gcur chuige maidir leis an tseirbhís riachtanach seo a sholáthar agus cinnteoimid go mbeidh inbhuanaitheacht ina croífhócas mar chuid d'aon fheabhsuithe atá á ndéanamh ar ár gcóras táirgiúlachta, agus déanfar measúnú ar dheiseanna ó 'Fhéith go Féith'.

  Táimid tiomanta dár dtuiscint ar thionchar ár slabhra soláthair a fheabhsú agus é seo a úsáid mar uirlis chinnteoireachta.

- **Oideachas agus Feasacht**

  Mar nuálaí agus ionad oideachais, tá SFAÉ tiomanta do chlár oideachais agus feasachta inbhuanaitheachta atá tarraingteach agus gníomhach a fhorbairt, le go mbeidh ár bhfoireann in ann tionchar na heagraíochta a thuiscint agus a bheith in ann ár ndeontóirí a chur ar an eolas.

  Oibreoimid lenár bhfoireann F&F (Foghlaim & Forbairt) agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile chun an córas seo a fhorbairt, lena chinntiú go bhfuilimid chun gach réimse den eagraíocht a chuimsiú.

- **Soláthar Poiblí Glas (SPG)**

  Mar chuid dár bhfreagra ar *Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide*, tá SFAÉ tar éis SPG a thabhairt isteach sa phróiseas tairisceana. Táimid tiomanta go hiomlán do SPG a úsáid mar mheicníocht chun inbhuanaitheacht ár slabhra soláthair a mhéadú. Tá ár straitéis chorparáideach inmheánach le hathbhreithniú agus le nuashonrú in 2025 agus áireofar léi scóráil 10% mar íos-scóráil do ghnéithe inbhuanaitheachta an táirge/na seirbhíse/an tsoláthraí i ngach tairiscint.

## CSI 3 - Sláinte Daoine, Sláinte an Phláinéid agus Sláinte SFAÉ a Fheabhsú

- **Sláinte**

  Is é SFAÉ an comhlacht reachtúil atá freagrach as an soláthar náisiúnta fola. Bunaíodh SFAÉ le hIonstraim Reachtúil (I.R.) i 1965. Soláthraíonn SFAÉ seirbhísí tástála agus fíocháin d'ospidéil chomh maith agus tá sí freagrach as Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann.

  Toisc gur sinne an t-aon chomhlacht amháin atá freagrach as an I.R. seo, ní mór dúinn gníomhú mar cheannaire agus mar nuálaí in Éirinn, agus caithfimid é sin a dhéanamh i gcóras feabhsúcháin leanúnaigh.

  Is lionsa nua í bainistíocht inbhuanaithe fola chun féachaint ar an bpróiseas seo agus soláthróidh sé léargas iomlánaíoch ar bhainistíocht inbhuanaithe an tsoláthair fola.

  Déanfar an ghné seo a mheas ar fud na heagraíochta agus cuirfear tacaíocht ar fáil nuair is gá chun leanúint leis an tseirbhís ríthábhachtach seo a sholáthar, agus an tionchar ar an bpláinéad á laghdú agus infhaighteacht seirbhíse fadtéarmach á cinntiú ag an am céanna.

- **Comhionannas Inscne**

  D'fheidhmigh SFAÉ mar cheannaire laistigh de lionsa an Chomhionannais Inscne agus soláthróidh sí leanúnachas sa ghealltanas seo. Laistigh dár dTuarascáil Bhliantúil, cuirimid miondealú mionsonraithe ar fáil ar an mBearna Pá idir na hInscní chun aird a tharraingt ar neamhionannais sistéamacha laistigh dár n-eagraíocht. Leanfaimid ag tuairisciú air seo chun trédhearcacht a chinntiú.

  Níl an fócas ar chomhionannas teoranta do chothromaíocht an phá, áfach, táimid tiomanta dá chinntiú go gcuirtear tionscnaimh oideachais agus feasachta iomchuí ar fáil don fhoireann, go gcuirtear treoirdhoiciméid ar fáil do dheontóirí, agus go gcuirtear i bhfeidhm beartais a thacaíonn leis an gcomhionannas. Tá beartas inmheánach láidir um éagsúlacht & comhionannas againn a chuimsíonn an tacaíocht seo agus tacóidh Straitéis Inbhuanaitheachta SFAÉ leis seo ar aon bhealach a theastaíonn le haghaidh treorach nó cúnaimh.

- **Bithéagsúlacht**

  Chláraigh SFAÉ mar thacadóir don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí, mar phointe tosaigh ag ár gceanncheathrú san Ionad Náisiúnta Fola. Tacóidh an straitéis leis an bhforbairt seo, agus leathnóidh sí an tacaíocht sa suíomh seo, chomh maith le teagmháil a dhéanamh lenár suíomhanna eile chun an clúdach agus an fheasacht ar fud na heagraíochta a mhéadú.

- **For-rochtain Náisiúnta**

  Ag SFAÉ, aithnímid an tábhacht a bhaineann leis na seirbhísí ríthábhachtacha a chuirimid ar fáil agus tuigimid gur féidir linn ról a bheith againn mar cheannaire inár bpobail áitiúla. Táimid tiomanta do thuiscint a fháil ar an tionchar is féidir a bheith againn ar thionscnaimh phobail ar fud ár suíomhanna agus beimid i dteagmháil le grúpaí le féachaint cén áit ar féidir linn tacú leo.

  Leathnóidh sé seo chuig tacaíocht náisiúnta le tionscnaimh charthanachta agus scéimeanna ar féidir linn dul i ngleic leo. Tá an chéad chéim déanta againn lenár dtacaíocht don Scéim Éarlaise agus Aisíoca do Leanaí, ag tabhairt ár Míreanna Éarlaise agus Aisíoca do na 6 mhórcharthanacht leanaí in Éirinn.

- **For-rochtain Idirnáisiúnta**

  Leagann straitéis inmheánach taighde fadtéarmach SFAÉ béim ar na comhpháirtíochtaí atá i bhfeidhm ag an Eagraíocht. Ar cheann acu, tá Sláinte Dhomhanda trí chomhpháirtíocht le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na Tansáine. Tá an chomhpháirtíocht seo i gcomhréir leis na SFInna agus soláthróidh an Straitéis Inbhuanaitheachta treoir agus tacaíocht inbhuanaitheachta de réir mar is gá.

  Ina theannta sin, tá SFAÉ meáite ar ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha le bunaíochtaí fola idirnáisiúnta eile a fheabhsú tuilleadh chun tuiscint a fháil ar phríomhdhul chun cinn inbhuanaitheachta agus bainistíochta saoráidí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm inár n-eagraíocht.

# Cuid 4: Spreagthaí chun Ár gCuspóirí a Chomhlíonadh

Tá ár sraith luachanna eagraíochtúla leagtha amach ag SFAÉ cheana féin, agus cuireann siad seo creat ar fáil dár rathúlacht. Is ionadaí dár bhfoireann iad na luachanna seo agus léiríonn siad na réimsí a bhfuil tábhacht ag baint leo chun gníomhú mar threoirphrionsabail. Soláthraíonn na prionsabail seo conair chun na rathúlachta do SFAÉ agus tá siad fite fuaite sa mhéid a dhéanaimid gach aon lá.

Is féidir an rath seo a leathnú chuig ár Straitéis Inbhuanaitheachta, mar is féidir leo feidhmiú mar spreagadh lena cur i bhfeidhm. Tá sé le feiceáil thíos (Tábla 2) mar a bhraithimid go bhfuil luachanna SFAÉ cuimsithe sna Cuspóirí Inbhuanaitheachta Straitéiseacha atá leagtha amach againn agus mar is féidir leo cabhrú le gníomhaíochtaí laethúla agus le rath fadtéarmach na Straitéise.




Fíor 4 - Léiriú grafach ar Luachanna SFAÉ.

| Croíluachanna SFAÉ | Gaol leis na Cuspóirí Inbhuanaitheachta Straitéiseacha |
|---|---|
| Is mór againn flaithiúlacht na ndeontóirí | A chinntiú go gcuirtear ár ndeontóirí ar an eolas faoinár ndul chun cinn, agus faoin luach a chuirimid ar a ról inár rathúlacht. Feasacht ar Roghanna Comaitéireachta/ Cuairte Inbhuanaithe a Mhéadú. Feabhsaíonn an tionchar dearfach a bhíonn againn ar an mbithéagsúlacht saol na ndeontóirí toisc go mbíonn a fhios acu go bhfuilimid ag obair leo chun tionchar dearfach a imirt ar an dúlra. |
| Barr Feabhais a bhaint amach | Oideachas inbhuanaitheachta a nascadh le F&F chun a chinntiú go dtuigeann an fhoireann na buntáistí go hinmheánach agus go seachtrach a bhaineann le dul chun cinn a dhéanamh. Tabhair tacaíocht agus cúnamh do thuras inbhuanaitheachta na bhfoirne My Green Labs agus iad ag iarraidh rath nuálaíoch a bhaint amach. Córas bainistíochta fuinnimh a neadú bunaithe ar chleachtais um fheabhsú leanúnach. |
| Feabhsaímid Saol Othar, Le Chéile | A chinntiú go leanaimid ag cur le hinbhuanaitheacht iomlán an Chórais Bhainistíochta Fola atá i bhfeidhm. Feabhsófar saol na n-othar go díreach agus go hindíreach trí laghdú a dhéanamh ar an tomhaltas foriomlán laistigh den eagraíocht agus úsáid a bhaint as SPG chun a chinntiú go ndéanaimid roghanna inbhuanaithe. Oibriú chun córas nach bhfuil aon éagothroime ann a chothú laistigh dár n-eagraíocht. |
| Ceannaireacht a thabhairt le Dea-Shampla | Gníomhú mar eiseamláir laistigh den earnáil sláinte chun na spriocanna laghdaithe fuinnimh agus carbóin do 2030 agus 2050 a bhaint amach. Spriocanna uaillmhianacha dramhaíola agus comaitéireachta a leagan síos. Trí ghníomhú mar cheannaire náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh for-rochtana agus comhoibrithe, spreagtar daoine eile chun an rud céanna a dhéanamh. |

Tábla 2 - Achoimre ar Luachanna SFAÉ agus a nGaol leis na Cuspóirí Inbhuanaitheachta Straitéiseacha

# Cuid 5: Rialachas & Tuairisciú

## 5.1 - Rialachas

Tá tús curtha ag SFAÉ ar struchtúr soiléir a fhorbairt le haghaidh dea-rialachais ar ghnéithe den Inbhuanaitheacht. Tá baint ag roinnt páirtithe leasmhara leis an doiciméid seo agus an Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide.

Go hinmheánach, bhí an Ceannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta i gceannas ar shonraí a bhailiú ó sholáthar, acmhainní daonna, airgeadas, iompar, agus saoráidí/eastáit, le malartuithe breise lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha (foireann Iniúchta EnerJ Energy, Foireann Athbhreithnithe CSR Deloitte, Bainisteoir Tacaíochta Comhpháirtíocht ÚFIÉ Seachtrach SFAÉ, agus go leor foinsí sonraí arna gcoinneáil go seachtrach).

Mar sin, bhí go leor céimeanna measúnaithe agus fíoraithe sonraí le déanamh sular forbraíodh na pleananna agus an chreatlach chun an Plean Oibre um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Straitéis Inbhuanaitheachta a fhorbairt.

Ina dhiaidh sin, chuaigh na doiciméid trí roinnt céimeanna eagarthóireachta agus measúnaithe leanúnaigh ag an nGrúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta, roimh dhréachtmheasúnú deiridh arna dhéanamh ag an Stiúrthóir Airgeadais agus ag an bPríomhfheidhmeannach. Cuireadh an dréacht críochnaithe faoi bhráid na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ansin sular cuireadh faoi bhráid Bhord SFAÉ é i R4 2024.

## 5.2 - Tuairisciú

Tá sé ina phríomhéileamh ar Straitéis Inbhuanaitheachta ar bith tuairisciú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht mar leagann sé amach an tiomantas chun na spriocanna a leagadh síos go hinmheánach nó go seachtrach a bhaint amach.

Mar sin, ag SFAÉ táimid meáite ar thuairisciú ag baint leasa as na sásraí a bhaineann linn. Is riachtanach tuairisciú a dhéanamh ar chuid de na sásraí sin, go hinmheánach agus go seachtrach mar chuid den dea-rialachas, agus tá córais tuairiscithe deonacha breise in úsáid chomh maith.

| Uirlisí Tuairiscithe Éigeantacha | Uirlisí Tuairiscithe Deonacha |
|---|---|
| Sonraí Inbhuanaitheachta inár dTuarascáil Bhliantúil | Creidiúnú My Green Lab |
| Nuashonrú bliantúil ar Chóras M&T ÚFIÉ | Tuairisciú míosúil go hinmheánach don fhoireann |
| Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú ar bhonn bliantúil | Tuairisciú faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí |
| Tuairisciú don Bhord go tráthrialta | Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair |
| Dearbhuithe Dramhaíola don Phríomh-Oifig Staidrimh de réir mar is gá | |

Tábla 3 – Achoimre ar na huirlisí tuairiscithe éigeantacha agus deonacha atá in úsáid ag SFAÉ. Is meascán iad seo de thuairisciú seachtrach agus inmheánach.

Leanfaimid le measúnú a dhéanamh ar dheiseanna chun leibhéal an tuairiscithe dheonaigh a mhéadú chun trédhearcacht san eagraíocht a chinntiú, agus chun a chinntiú go bhfuilimid ag comhlíonadh na gceanglas sainordaitheach go léir a bhaineann linn le haon reachtaíocht atá ag athrú.

## 5.3 - Measúnú Leanúnach

Le cúnamh ón struchtúr Rialachais atá i bhfeidhm, agus leis an tuairisciú a rinne SFAÉ, beimid in ann aghaidh a thabhairt láithreach ar bhearnaí nó ar dheiseanna feabhsúcháin laistigh den Straitéis chun a chinntiú go léirímid dul chun cinn agus go gcoimeádfaimid ár Straitéis cothrom le dáta leis an tírdhreach athraitheach.

# Cuid 6: Dúshláin Fhéideartha

Mar a tharlaíonn le straitéis nuálaíoch agus uaillmhianach ar bith, go háirithe ceann mar seo ina ndírítear ar inbhuanaitheacht, tá dúshláin ionchasacha ann. Is dúshláin iad seo a d'fhéadfadh a bheith os comhair SFAÉ, dar linn, ach le straitéis agus creat láidir, beimid in ann iad a shárú agus fanacht tiomanta don sprioc atá againn.

Níl an liosta dúshláin féideartha i dTábla 4 uileghabhálach agus déanfar é a mheasúnú ar bhonn leanúnach. Chun a chinntiú go bhfanann SFAÉ ar an eolas faoi dhúshláin nó rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, déanfaidh an Ceannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta athbhreithniú riosca CSR in 2025 leis an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta.

Déanfar iad seo a chuimsiú ansin i gClár Riosca inmheánach SFAÉ.

| Dúshlán | Tionchair ar Tháirgeadh | Tacaíocht Airgeadais |
|---|---|---|
| Sonraí | Is é an chéad dúshlán féideartha agus is tábhachtaí do SFAÉ ná athrú ar bith a mbeadh tionchar aige ar ár dtáirgeadh ríthábhachtach. | Dúshlán féideartha amháin maidir le rathúlacht Straitéis Inbhuanaitheachta SFAÉ ná ceist maidir le tacaíocht airgeadais do na tionscadail atá i gcomhréir leis an Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide, nó aon tionscnaimh bhreise. |
| Réiteach | Tá córas láidir Dea-Chleachtais Déantúsaíochta i bhfeidhm ag SFAÉ, agus déanfar é seo a chomhtháthú leis an gCóras Bainistíochta Fuinnimh lena chinntiú go gcuirfidh aon athruithe a dhéanfar feabhas ar an bpróiseas táirgthe seachas a bhaint de. | Tá sainordú ag SFAÉ na spriocanna laghdaithe fuinnimh agus carbóin a bhaint amach faoi 2030; mar sin tacófar leis na tionscadail seo. Tabharfar aghaidh ar thionscnaimh bhreise chun tacú leis an straitéis ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, féachaint le tionchar teoranta a bheith acu. Soláthróidh an beartas páirceála inmheánach nua maoiniú do ghníomhaíochtaí Inbhuanaithe chomh maith ó 2026 ar aghaidh. |
| Dúshlán | Tionchair ar Tháirgeadh | Glacadh Inmheánach |
| Sonraí | D'fhéadfadh athruithe sa reachtaíocht amach anseo na spriocanna sainordaithe a athrú nó srianta nó ceanglais bhreise a chruthú do SFAÉ. | D'fhéadfadh dúshlán a bheith ann toisc go gcruthóidh an straitéis seo gnéithe breise le breithniú do SFAÉ, agus b'fhéidir go mothaíonn an fhoireann go mbainfeadh sé fócas ó chroíghníomhartha na heagraíochta. |
| Réiteach | Déanfaidh SFAÉ idirchaidreamh agus coinneoidh sí suas chun dáta le moltaí oiliúna an Rialtais agus an ÚFIÉ chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar cheanglais reachtúla agus go bpleanálfar dóibh gan mhoill. | A chinntiú go bhfuil ionchur ag an nGrúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta ó dhaoine ar fud na heagraíochta, agus go dtugtar aghaidh ar na fiosrúcháin/tráchtanna/moltaí a bhailítear chun a chinntiú go mothaíonn an fhoireann go bhfuil luach orthu agus go n-éistfear leo agus chun a athdhearbhú go bhfuil bunluachanna na heagraíochta leabaithe laistigh den straitéis seo. |

Tábla 4 - Achoimre ar na 4 phríomhdhúshlán a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar rathúlacht na Straitéise Inbhuanaitheachta.

# Conclúid

Leagtar amach sa Straitéis seo an cur chuige dinimiciúil lena nglacfaidh SFAÉ thar na 5 bliana amach romhainn chun tionscnaimh atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus forbairt inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, mar aon leis na gnéithe seo a thabhairt isteach i gcláir agus i dtionscadail in-situ atá ar bun.

Forbraíodh an Straitéis seo le leibhéal cuí Rialachais maidir le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon chun léargas ceart a fháil ar an leibhéal cuimsithe inbhuanaitheachta atá ann faoi láthair, agus an fonn atá le forbairt a dhéanamh amach anseo.

Is dóigh linn gur thug an cur chuige láidir seo i bhforbairt na Straitéise léargas dúinn ar dhúshláin ionchasacha agus dearcadh ar na réitigh atá ar fáil dúinn. Déanfar ár bhforbairt a mhapáil agus a thuairisciú go hinmheánach agus go seachtrach, mar a luadh cheana.

Cé go leagtar amach sa Straitéis idir phleananna agus spriocanna cainníochtúla agus phleananna agus spriocanna cáilíochtúla do na 5 bliana amach romhainn, déanfar measúnú leanúnach orthu agus féadfar iad a athbhreithniú ionas go leathnófar iad agus go gcuirfear san áireamh leo coincheapa breise a chuirtear i bhfeidhm laistigh den eagraíocht. Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar an tírdhreach reachtúil nach mór dúinn cloí leis, agus cloímid chomh maith le hathrú sainordaithe ar bith is gá dúinn a chomhlíonadh. Ar an mbealach seo, cuirfimid an doiciméad seo i gcomhréir lenár dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide a ndéantar athbhreithniú bliantúil air.



# Doiciméid Tagartha

## Doiciméid SFAÉ

- **Treochlár SFAÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide**

  Doiciméid arna bhfoilsiú ag SFAÉ ag cur síos ar ár ndul chun cinn agus pleananna chun freastal ar spriocanna *Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide* 2030.

## Doiciméid Sheachtracha

- **Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024**

  An foilseachán bliantúil is déanaí ag Rialtas na hÉireann le treoirlínte dea-chleachtais agus spriocanna le baint amach ar fud na tíre. Tá fo-ranna sonracha ann a bhaineann go díreach le SFAÉ mar chomhlacht poiblí.

- **Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí:** Doiciméid arna bhfoilsiú agus arna n-athbhreithniú go bliantúil ag Rialtas na hÉireann chun treoir nuashonraithe a sholáthar maidir le spriocanna agus ábhair sheachtracha ar bith a theastaíonn do Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann.

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann